LEASUITHE 001-059
ón gCoiste um Thrádáil Idirnáisiúnta

Tuarascáil
Karin Karlsbro **A10-0012/2026**
Éifeachtaí diúltacha ar mhargadh cruach an Aontais de dheasca na ró-acmhainneachta domhanda

Togra le haghaidh rialacháin (COM(2025)0726 – C10-0245/2025 – 2025/0726(COD))

Leasú 1

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(1) Tá an earnáil cruach lárnach d'iomaíochas agus do shlándáil an Aontais. ***Tá sé léirithe go soiléir*** ag an Aontas ***go bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leis an earnáil sin agus go bhfuil sé tiomanta*** inmharthanacht agus ***inbhuanaitheacht fhadtéarmach na hearnála a áirithiú.***	(1) Tá an earnáil cruach, ***atá mar chloch choirnéil dá héiceachóras, lena n-áirítear táirgí cruach díorthacha in earnálacha iartheachtacha (e.g. mótarfheithiclí, tógáil, pacáistiú agus comhpháirteanna miotail, innealra, tionscail teicneolaíochta agus eile)***, lárnach do ***gheilleagar, slándáil eacnamaíoch,*** iomaíochas agus slándáil an Aontais. ***Ba cheart don*** Aontas ***a ghníomhaíocht san earnáil straitéiseach sin a threisiú, rud atá ríthábhachtach do chruthú post ardcháilíochta agus d'fhostaíocht ardcháilíochta, don aistriú chuig geilleagar aeráidneodrach agus d'fhorbairt cumas cosanta, trí infheistíocht leanúnach in inmharthanacht agus athléimneacht*** fhadtéarmach ***na hearnála cruach.***

Leasú 2
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(1a) Tá ról tábhachtach ag bailte agus réigiúin thionsclaíocha ina táirgtear cruach d'oibrithe, do phobail agus don iomaíochas. Is sna bailte agus sna réigiúin sin a rinneadh amhábhair a eastóscadh agus a chlaochlú agus a tugadh scileanna teicniúla ar aghaidh ó ghlúin go glúin. Tá an t-eolas, an trealamh agus an comhtháthú sóisialta is gá sna bailte agus sna réigiúin sin chun aistriú a dhéanamh fíor agus cóir.

Leasú 3

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(2) Tá tionscail chruach ar fud tíortha agus réigiún, lena n-áirítear an tAontas, thíos leis an tionchar diúltach a eascraíonn as ró-acmhainneacht struchtúrach dhomhanda atá ag dul i méid. Déanann an dúshlán domhanda sin difear do mhargadh intíre an Aontais agus do mhargaí tíortha eile go díreach, trí allmhairí ó thíortha ag a bhfuil acmhainneacht iomarcach, nó go hindíreach, mar thoradh ar an éifeacht 'brú amach', nó ar an dá bhealach. Chun ró-acmhainneacht dhomhanda a réiteach go héifeachtach, tá gá le hiarrachtaí comhpháirteacha feabhsaithe ón Aontas agus óna chomhpháirtithe atá ar aon intinn leo nach gcuireann leis an ró-acmhainneacht dhomhanda. ***Leanfaidh*** an tAontas de bheith i gceannas ar an obair idirnáisiúnta, lena n-áirítear faoi chuimsiú an Fhóraim Dhomhanda maidir le ró-acmhainneacht sa tionscal cruach, maidir le haghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na ró-acmhainneachta domhanda agus maidir	(2) ***Tá tionscail chruach, oibrithe, bailte tionsclaíocha agus réigiúin*** ar fud tíortha agus réigiún, lena n-áirítear an tAontas, thíos leis an tionchar diúltach a eascraíonn as ró-acmhainneacht struchtúrach dhomhanda atá ag dul i méid. ***Is bagairt thromchúiseach don earnáil cruach í an ró-acmhainneacht struchtúrach dhomhanda i dtáirgeadh cruach, trí dhálaí iomaíochta éagóraí a chruthú agus trí infheistíocht atá ríthábhachtach don aistriú glas a dhíspreagadh. Is treocht í an ró-acmhainneacht struchtúrach dhomhanda a bhfuil tionchar aici ní hamháin ar an earnáil cruach ach ar go leor earnálacha tionsclaíocha eile freisin agus a chuireann a n-inmharthanacht fhadtéarmach i mbaol.*** Déanann an dúshlán domhanda sin difear do mhargadh intíre an Aontais agus do mhargaí tíortha eile go díreach, trí allmhairí ó thíortha ag a bhfuil acmhainneacht iomarcach, nó go

le réitigh a chur chun feidhme lena neartaítear trédhearcacht an mhargaidh dhomhanda cruach agus teicnící nua-aimseartha táirgthe agus soláthair á gcur san áireamh, lena n-áirítear trí chur i bhfeidhm an phrionsabail ‘leáite agus doirteadh’ chomh maith le faireachán a dhéanamh ar allmhairí agus onnmhairí. Ba cheart don Aontas agus do na tíortha atá ar aon intinn oibriú le chéile d’fhonn a ngeilleagair a imfhálú ó ró-acmhainneacht dhomhanda agus, ag an am céanna, slabhraí soláthair slána a áirithiú agus rochtain ar an margadh a mhéadú ina measc.

hindíreach, mar thoradh ar an éifeacht ‘brú amach’, nó ar an dá bhealach. Chun ró-acmhainneacht dhomhanda a réiteach go héifeachtach, tá gá le hiarrachtaí comhpháirteacha feabhsaithe ón Aontas agus óna chomhpháirtithe atá ar aon intinn leo nach gcuireann leis an ró-acmhainneacht dhomhanda. ***Cuirfidh an tAontas dlús lena iarrachtaí an obair idirnáisiúnta a stiúradh agus comhordú a dhéanamh freisin le tíortha atá ar aon intinn leis,*** lena n-áirítear faoi chuimsiú an Fhóraim Dhomhanda maidir le ró-acmhainneacht sa tionscal cruach, maidir le haghaidh a thabhairt ar bhunchúiseanna na ró-acmhainneachta domhanda agus maidir le réitigh a chur chun feidhme lena neartaítear trédhearcacht an mhargaidh dhomhanda cruach agus teicnící nua-aimseartha táirgthe agus soláthair á gcur san áireamh, lena n-áirítear trí chur i bhfeidhm an phrionsabail ‘leáite agus doirteadh’ chomh maith le faireachán a dhéanamh ar allmhairí agus onnmhairí. Ba cheart don Aontas agus do na tíortha atá ar aon intinn oibriú le chéile go práinneach d’fhonn a ngeilleagair a imfhálú ó ró-acmhainneacht dhomhanda agus, ag an am céanna, slabhraí soláthair slána a áirithiú agus rochtain ar an margadh a mhéadú ina measc. ***Ba cheart an comhar sin a shaothrú de mheon cuiditheach réamhbhreathnaitheach lena n-aithnítear leasanna straitéiseacha comhroinnte agus tairbhí frithpháirteacha. Ba cheart é a bheith d’aidhm aige saobhadh sna margaí cruach domhanda a laghdú, iomaíocht chóir bunaithe ar phrionsabail an mhargaidh a chur chun cinn, agus tacú leis an aistriú i dtreo táirgeadh tionsclaíoch atá dírithe ar an todhchaí. Le comhordú neartaithe i measc comhpháirtithe, is féidir athléimneacht a fheabhsú agus an bunús le haghaidh slabhraí soláthair cobhsaí, intuartha agus éagsúlaithe a threisiú freisin.***

Leasú 4

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2a) Tugtar aghaidh ar ró-acmhainneacht ar an mbealach is éifeachtaí trí ghníomhaíocht iltaobhach chomhordaithe toisc gur fadhb dhomhanda í a éilíonn réiteach domhanda. In éagmais dul chun cinn fóinteach ar an leibhéal sin, ba cheart don Aontas beart spriocdhírithe solúbtha a ghlacadh.

Leasú 5

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(2b) Tá traidisiún seanbhunaithe san Eoraip maidir le táirgeadh cruach, agus tá ról lárnach ag oibrithe cruach i mbunú mhonaraíocht an Aontais. Tá na poist ardcháilíochta sin lena soláthraítear pá cuibhiúil, cosaintí láidre saothair, agus ardchaighdeáin sláinte agus sábháilteachta chun iomaíochas agus ardluach sóisialta na hearnála a chothú.

Leasú 6
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 6

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(6) I mí na Samhna 2024, ghlac ceannairí an Aontais Dearbhú Bhúdaipeist[2] inar leagadh béim ar an ngá práinneach agus ar an diongbháilteacht atá ann an tAontas a dhéanamh níos iomaíche trí chomhaontú nua maidir le hiomaíochas na hEorpa. Ina theannta sin, dhearbhaigh na ceannairí go bhfuil siad tiomanta d'athnuachan thionsclaíoch agus	(6) I mí na Samhna 2024, ghlac ceannairí an Aontais Dearbhú Bhúdaipeist[2] inar leagadh béim ar an ngá práinneach agus ar an diongbháilteacht atá ann an tAontas a dhéanamh níos iomaíche trí chomhaontú nua maidir le hiomaíochas na hEorpa. Ina theannta sin, dhearbhaigh na ceannairí go bhfuil siad tiomanta d'athnuachan thionsclaíoch agus

dícharbónú a áirithiú, rud a chuirfidh ar chumas an Aontais leanúint de bheith ina lárionad cumhachta tionsclaíoch agus teicneolaíoch. D'aithin ceannairí an Aontais freisin gur gá ullmhacht agus cumais chosanta a mhéadú, go háirithe trí bhonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch na cosanta a neartú dá réir. Chuige sin, gheall na ceannairí beartas tionsclaíoch a fhorbairt don Aontas chun fás phríomhtheicneolaíochtaí an lae amárach a áirithiú, agus aird ar leith á tabhairt ar thionscail thraidisiúnta atá i mbun aistrithe.

dícharbónú a áirithiú, rud a chuirfidh ar chumas an Aontais leanúint de bheith ina lárionad cumhachta tionsclaíoch agus teicneolaíoch ***lena gcothófar poist ardcháilíochta***. D'aithin ceannairí an Aontais freisin gur gá ullmhacht agus cumais chosanta a mhéadú, go háirithe trí bhonn teicneolaíoch agus tionsclaíoch na cosanta a neartú dá réir. Chuige sin, gheall na ceannairí beartas tionsclaíoch a fhorbairt don Aontas chun fás phríomhtheicneolaíochtaí an lae amárach a áirithiú, agus aird ar leith á tabhairt ar thionscail thraidisiúnta atá i mbun aistrithe.

---

2 https://www.consilium.europa.eu/ga/press/press-releases/2024/11/08/the-budapest-declaration/

2 https://www.consilium.europa.eu/ga/press/press-releases/2024/11/08/the-budapest-declaration/

Leasú 7

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(7) Is príomhthosaíocht é an t-iomaíochas tionsclaíoch ***agus is spreagadh cumhachtach don fhás é an dícharbónú nuair a dhéantar é a chomhtháthú le beartais thionsclaíocha, iomaíochta, eacnamaíocha agus trádála.***	(7) Is príomhthosaíocht ***d'earnáil cruach an Aontais é*** an t-iomaíochas tionsclaíoch ***chun maireachtáil agus chun rannchuidiú leis an bhfás inbhuanaithe, leis an rathúnas fadtéarmach agus leis an athléimneacht. Chun go mbeidh an earnáil straitéiseach sin iomaíoch, ní mór don Aontas úsáid a bhaint as dícharbónú agus as meascán de bheartais thionsclaíocha, eacnamaíocha agus trádála. Ba cheart go n-áireofaí ar na beartais sin acmhainneacht táirgeachta chaomhnaithe an Aontais, ceannaireacht theicneolaíoch agus fostaíocht oilte i bpríomhearnálacha laistigh den Aontas chun cosc a chur ar athlonnú tionscal straitéiseach chuig réigiúin ina bhfuil caighdeáin chomhshaoil agus shóisialta níos ísle agus sásraí fóirdheontais éagóracha.***

Leasú 8

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 7 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(7a) Déantar difear, de bharr ró-acmhainneachta, mar aon le leibhéil éagsúla tiomantais do na spriocanna aeráide ag tríú tíortha, do thionscal cruach an Aontais i gcomhthéacs a aistrithe i dtreo táirgeadh atá neodrach ó thaobh carbóin de. Dá bhrí sin, chun go mbeidh conair dícharbónaithe na hearnála cruach san Aontas inmharthana, ba cheart athbhreithniú a dhéanamh ar leibhéal na dtaraif-chuótaí de réir mar is gá. D'fhéadfadh sé sin a bheith ina spreagadh chun na dálaí cearta a chruthú do thionscal cruach an Aontais chun dícharbónú a dhéanamh agus chun imeacht ó 'gnó mar is gnách'. Faoi chuimsiú an athbhreithnithe sin, ba cheart don Choimisiún tuairisciú freisin ar an úsáid a bhaineann táirgeoirí an Aontais as fóirdheontais phoiblí d'fhonn spriocanna aeráide an Aontais a bhaint amach, ar mhéideanna iomlána tháirgeadh cruach an Aontais ag a bhfuil astaíochtaí ísle agus ar neamhchosaint tháirgeoirí an Aontais ar iomaíocht éagórach.

Leasú 9
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 8

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(8) Is príomhearnálacha iad na tionscail dianfhuinnimh a dteastaíonn tacaíocht phráinneach uathu chun dícharbónú agus leictriú a dhéanamh, agus chun aghaidh a thabhairt ar chostais arda fuinnimh, ar iomaíocht dhomhanda éagórach agus ar rialacháin chasta, rud a dhéanann dochar dá	(8) Is príomhearnálacha iad na tionscail dianfhuinnimh a dteastaíonn ***idirghabháil phráinneach uathu chun tacú leo*** dícharbónú, leictriú, agus ***glacadh le ciorclaíocht, rud a chuideodh le cruthú post a chur chun cinn san Aontas agus aghaidh*** a thabhairt ar chostais arda

n-iomaíochas.

fuinnimh, ar iomaíocht dhomhanda éagórach agus ar rialacháin chasta, rud a dhéanann dochar dá n-iomaíochas. ***Tá sé ríthábhachtach go gcuirfí ar chumas na dtionscal sin leanúint de bheith iomaíoch ar fud an domhain agus leanúint de bheith ag táirgeadh san Aontas agus ba cheart tacaíocht leanúnach do thionscail dianfhuinnimh a bheith faoi réir coinníollachtaí sóisialta agus comhshaoil, amhail láithreáin táirgthe agus poist a chaomhnú. Tá sé ríthábhachtach an tslándáil fuinnimh a neartú, rochtain ar fhuinneamh inacmhainne a chumasú, costais ionchuir a laghdú, agus ualaí rialála a shimpliú chun dí-chomhchruinniú tionsclaíoch a chosc agus chun slabhraí luacha a chaomhnú laistigh den Aontas. Ós rud é gurb é táirgeadh na cruach is cúis le thart ar 5 % d'astaíochtaí gás ceaptha teasa an Aontais, beidh sé ríthábhachtach dlús a chur le húsáid teicneolaíochtaí astaíochtaí ísle agus beagnach nialasach, lena n-áirítear déanamh cruach atá bunaithe ar hidrigin agus leictrithe, agus an chiorclaíocht a neartú trí dhramh feiriúil athchúrsáilte ardcháilíochta a aisghabháil agus a phróiseáil, chun astaíochtaí a laghdú agus chun éifeachtúlacht acmhainní a fheabhsú.***

Leasú 10

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(9) ***Thairis sin, mar a aithnítear sa*** Phlean Gníomhaíochta maidir le Cruach agus Miotail[3], is miotal í an chruach a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leis do chumas cosanta an Aontais. ***I bhfianaise na timpeallachta geopholaitiúla atá ann faoi láthair,*** tá slabhraí soláthair cobhsaí athléimneacha de mhiotail chriticiúla, amhail cruach, agus	(9) ***Tá an tAontas tiomanta i gcónaí don Phlean Gníomhaíochta[3] maidir le Cruach agus Miotail a chur chun feidhme go tapa agus go práinneach, ós*** rud é gur miotal í an chruach a bhfuil tábhacht straitéiseach ag baint leis do chumas cosanta an Aontais. ***Go háirithe i gcomhthéacs ina bhfuil éagobhsaíocht dhomhanda atá ag dul i méid agus***

táirgeadh intíre ríthábhachtach don chosaint ag an aeraspás, agus chun spleáchais nach bhfuil ag teastáil ar sholáthróirí tríú tír a sheachaint.	***brúnna slándála méadaithe***, tá slabhraí soláthair cobhsaí athléimneacha de mhiotail chriticiúla, amhail cruach, agus bonn táirgthe intíre láidir agus iomaíoch bunriachtanach don chosaint agus don aeraspás, ***chun athléimneacht eacnamaíoch a bhaint amach*** agus chun spleáchais neamh-inmhianaithe ar sholáthraithe tríú tír a sheachaint.

Leasú 11

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 9 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(9a) Tá an chruach ina bunchloch freisin do go leor tionscail eile amhail tionscail teicneolaíochta glaine, iompair, tógála agus bonneagair fuinnimh an Aontais. Dá bhrí sin, tá sé ríthábhachtach do cheannasacht thionsclaíoch an Aontais agus dá neamhspleáchas straitéiseach bonn cruach atá iomaíoch agus forbartha ó thaobh na teicneolaíochta de a chaomhnú san Aontas.

Leasú 12

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 10

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(10) Tá roinnt bearta cosanta trádála glactha cheana féin ag an Aontas sna hearnálacha miotal, lena n-áirítear earnálacha iarainn agus cruach, i gcoinne iomaíocht dhomhanda éagórach. Mar sin féin, tá an tionscal ag teacht níos mó agus níos mó faoi thionchar ró-acmhainneacht struchtúrtha domhanda agus saobhadh domhanda, lena n-áirítear beartais agus	(10) ***Chun tacú le tionscail straitéiseacha agus iomaíochas an Aontais, níor cheart do bhearta trádála an Aontais bac a chur ar acmhainneacht táirgeachta cruach an Aontais.*** Tá roinnt bearta cosanta trádála glactha cheana féin ag an Aontas sna hearnálacha miotal, lena n-áirítear earnálacha iarainn agus cruach, i gcoinne iomaíocht dhomhanda éagórach. Mar sin

cleachtais neamh-mhargaidh i dtíortha áirithe a thacaíonn go saorga lena dtionscail intíre nó a imchéimníonn bearta agus smachtbhannaí cosanta trádála an Aontais. Is é an tAontas an t-aon mhór-réigiún déanta cruach a bhfuil laghdú acmhainneachta le feiceáil ann. Mar sin féin, tá na hiarrachtaí sin á bhfrithchúiteamh go hiomlán ag breiseanna móra leanúnacha acmhainneachta ar fud réigiúin eile, agus iad scoite go hiomlán ó éabhlóid an éilimh intíre agus dhomhanda. Meastar go dtiocfaidh méadú ar an ró-acmhainneacht dhomhanda ón 602 mhilliún tona atá ann faoi láthair (arb ionann é agus cúig oiread éileamh an Aontais) go 721 mhilliún tona faoi 2027.	féin, tá an tionscal ag teacht níos mó agus níos mó faoi thionchar ró-acmhainneacht struchtúrtha domhanda agus saobhadh domhanda, lena n-áirítear beartais neamh-mhargaidh agus cleachtais ***mhíchothroma*** i dtíortha áirithe a thacaíonn go saorga lena dtionscail intíre nó a imchéimníonn bearta agus smachtbhannaí cosanta trádála an Aontais. Is é an tAontas an t-aon mhór-réigiún déanta cruach a bhfuil laghdú acmhainneachta le feiceáil ann. Mar sin féin, tá na hiarrachtaí sin á bhfrithchúiteamh go hiomlán ag breiseanna móra leanúnacha acmhainneachta ar fud réigiúin eile, agus iad scoite go hiomlán ó éabhlóid an éilimh intíre agus dhomhanda. Meastar go dtiocfaidh méadú ar an ró-acmhainneacht dhomhanda ón 602 mhilliún tona atá ann faoi láthair (arb ionann é agus cúig oiread éileamh an Aontais) go 721 mhilliún tona faoi 2027. ***Dá bhrí sin, ba cheart aon bheart coimirce ar an margadh cruach a cheapadh le dearcadh fadtéarmach, ós rud é, murab ionann agus tréimhsí roimhe sin ina raibh ró-acmhainneacht in earnáil cruach an Aontais, go bhfuil an staid reatha struchtúrach agus nach dócha go réiteofar í sa ghearrthéarma ná sa mheántéarma.***
Leasú 13 **Togra le haghaidh rialacháin** **Aithris 11**	
Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(11) Ina theannta sin, leis an éabhlóid a tháinig le déanaí ar bhearta sriantacha trádála tríú tíortha, tá méadú breise ag teacht ar an mbrú allmhairiúcháin, i dtéarmaí méideanna agus praghsanna araon, ar tháirgeoirí an Aontais. Meastar nach dtiocfaidh ach méadú breise ar an mbrú sin.	(11) Ina theannta sin, leis an éabhlóid a tháinig le déanaí ar bhearta sriantacha trádála tríú tíortha, tá méadú breise ag teacht ar an mbrú allmhairiúcháin, i dtéarmaí méideanna agus praghsanna araon, ar tháirgeoirí an Aontais. Meastar nach dtiocfaidh ach méadú breise ar an mbrú sin ***agus go dtiocfaidh laghdú breise ar tháirgeacht an Aontais, dúnadh gléasraí agus caillteanais post mar thoradh air sin.***

Leasú 14
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 11 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(11a) Tá an córas trádála iltaobhach riailbhunaithe, a bhfuil EDT ina chroílár, ríthábhachtach i gcónaí chun cobhsaíocht, intuarthacht agus cothroime sa trádáil dhomhanda a áirithiú. Ba cheart an Rialachán seo, dá bhrí sin, a chur chun feidhme i gcomhréir iomlán le hoibleagáidí an Aontais faoi EDT. Tá sé mar aidhm leis an Rialachán seo aghaidh a thabhairt ar shaobhadh trádála de bharr ró-acmhainneachta domhanda agus ba cheart é a thuiscint mar ionstraim chun coinníollacha a athbhunú le haghaidh trádála níos oscailte agus riailbhunaithe amach anseo.

Leasú 15
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 12

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(12) Mar thoradh air sin, tá tionscal cruach an Aontais i staid uafásach agus caillteanas na hacmhainneachta táirgeachta nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo cothrom le níos mó ná 30 milliún tona ó 2018, an ráta úsáide acmhainneachta, a bhí íseal go stairiúil, ag 67 % in 2024, agus thart ar 30 000 post caillte ó 2018 i leith, agus fógraítear go gcaillfear na mílte post eile in 2024. Thaifead tionscal cruach an Aontais caillteanais in 2024.	(12) Mar thoradh air sin, tá tionscal cruach an Aontais i staid uafásach agus caillteanas na hacmhainneachta táirgeachta nach bhfacthas a leithéid riamh roimhe seo cothrom le níos mó ná 30 milliún tona ó 2018, an ráta úsáide acmhainneachta, a bhí íseal go stairiúil, ag 67 % in 2024, agus thart ar 30 000 post caillte ó 2018 i leith, agus fógraítear go gcaillfear na mílte post eile in 2024. Thaifead tionscal cruach an Aontais caillteanais in 2024. ***Tá ualach an laghdaithe sin tite go mór ar na bailte tionsclaíocha agus ar na réigiúin thionsclaíocha ina bhfuil déanamh cruach fréamhaithe.***

Leasú 16

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 13

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(13) I bhfianaise staid thionscal na cruach intíre atá ag éirí níos measa go tapa agus an dul chun cinn míshásúil go dtí seo chun teacht ar réiteach comhchoiteann lena dtugtar aghaidh ar ró-acmhainneacht struchtúrach dhomhanda, is gá beart nua a ghlacadh a chuirfear in ionad Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159. An 18 Iúil 2025, sheol an Coimisiún glao ar fhianaise agus comhairliúchán spriocdhírithe chun tuairimí a lorg ó pháirtithe leasmhara maidir le gnéithe éagsúla den bheart nua, lena n-áirítear a fhoirm, a leibhéal, a raon feidhme geografach agus a fhad, chomh maith le gnéithe sonracha eile amhail rialacha tionscnaimh. Bhí an próiseas ar siúl go dtí an 18 Lúnasa 2025 agus fuarthas os cionn cúig chéad freagra: 143 aighneacht ar an nglao ar fhianaise agus 373 fhreagra ar cheistneoir an chomhairliúcháin spriocdhírithe. Tá achoimre mhionsonraithe ar an aiseolas a fuarthas ar fáil sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an togra reachtach seo.	(13) I bhfianaise staid thionscal na cruach intíre atá ag éirí níos measa go tapa agus an dul chun cinn míshásúil go dtí seo chun teacht ar réiteach comhchoiteann lena dtugtar aghaidh ar ró-acmhainneacht struchtúrach dhomhanda, is gá beart nua a ghlacadh go práinneach a chuirfear in ionad Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159. An 18 Iúil 2025, sheol an Coimisiún glao ar fhianaise agus comhairliúchán spriocdhírithe chun tuairimí a lorg ó pháirtithe leasmhara maidir le gnéithe éagsúla den bheart nua, lena n-áirítear a fhoirm, a leibhéal, a raon feidhme geografach agus a fhad, chomh maith le gnéithe sonracha eile amhail rialacha tionscnaimh. Bhí an próiseas ar siúl go dtí an 18 Lúnasa 2025 agus fuarthas os cionn cúig chéad freagra: 143 aighneacht ar an nglao ar fhianaise agus 373 fhreagra ar cheistneoir an chomhairliúcháin spriocdhírithe. Tá achoimre mhionsonraithe ar an aiseolas a fuarthas ar fáil sa Doiciméad Inmheánach Oibre a ghabhann leis an togra reachtach seo. ***Mar gheall ar a phráinne atá an t-ábhar, chinn an Coimisiún gan measúnú tionchair a dhéanamh ach dhearbhaigh sé a ghealltanas meastóireacht ar a iarmhairtí a chur i láthair tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo.***

Leasú 17

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 14

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(14) I gcomhthráth leis an ngnáthnós imeachta reachtach a mbeidh an togra seo faoina réir, tá sé beartaithe ag an Aontas	(14) I gcomhthráth leis an ngnáthnós imeachta reachtach a mbeidh an togra seo faoina réir, tá sé beartaithe ag an Aontas

tús a chur leis an gcaibidlíocht faoi Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil 1994 d'fhonn lamháltais áirithe EDT a mhodhnú le haghaidh na dtáirgí lena mbaineann an Rialachán seo agus a áirithiú go n-áiritheofar leis an leibhéal dleachtanna custaim a thiocfaidh as sin athléimneacht thionscal cruach an Aontais i gcomhthéacs ró-acmhainneachtaí struchtúracha domhanda, bearta trádála tríú tíortha atá ag fás ar an earnáil cruach, agus an tionchar diúltach a bhíonn acu ar thionscal cruach an Aontais.	tús a chur leis an gcaibidlíocht faoi Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil 1994 d'fhonn lamháltais áirithe EDT a mhodhnú le haghaidh na dtáirgí lena mbaineann an Rialachán seo agus a áirithiú go n-áiritheofar leis an leibhéal dleachtanna custaim a thiocfaidh as sin athléimneacht thionscal cruach an Aontais i gcomhthéacs ró-acmhainneachtaí struchtúracha domhanda, bearta trádála tríú tíortha atá ag fás ar an earnáil cruach, agus an tionchar diúltach a bhíonn acu ar thionscal cruach an Aontais. ***Níor cheart cúiteamh a théann thar mhéideanna na gcuótaí dá bhforáiltear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a bheith mar thoradh ar mhodhnú ghealltanais an Aontais, ná níor cheart baint a bheith aige le haon táirge seachas na táirgí sin a áirítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo. Ba cheart don Aontas fógra a thabhairt don Eagraíocht Dhomhanda Trádála faoin Rialachán seo freisin faoi Airteagal XX CGTT toisc go bhfuil gá leis an Rialachán seo chun dícharbónú earnáil cruach an Aontais a shaothrú, agus toisc go bhfuil gá leis freisin chun ord poiblí an Aontais a chaomhnú.***

Leasú 18

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 14 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(14a) Rachaidh an Coimisiún i mbun cumarsáid réamhghníomhach agus thrédhearcach le comhpháirtithe trádála chun míniú soiléir a thabhairt ar na cúiseanna atá leis an Rialachán seo a ghlacadh agus chun bealaí a shainaithint chun dálaí comhionanna agus cothroma a choinneáil ionas nach gcuirfear isteach ar mheon an fhíorchomhair trádála atá

	ann cheana, go háirithe le comhpháirtithe CST atá ann cheana agus a bheidh ann amach anseo a ndéanann an Rialachán seo difear dóibh.

Leasú 19

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 15

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(15) Cé go bhfuil an taraif lasmuigh den chuóta socraithe ag 25 % faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159, agus leibhéal na dtaraifí san earnáil cruach i bpríomh-mhargaí eile á chur san áireamh, is iomchuí leibhéal na taraife lasmuigh den chuóta a shocrú ag dleacht 50 % chun an riosca a bhaineann le sraonadh trádála a íoslaghdú. Thiocfadh an dualgas sin sa bhreis ar dhleachtanna eile a bhfuil feidhm acu maidir leis na catagóirí táirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo.	(15) Cé go bhfuil an taraif lasmuigh den chuóta socraithe ag 25 % faoi Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/159, agus leibhéal na dtaraifí san earnáil cruach i bpríomh-mhargaí eile á chur san áireamh, is iomchuí leibhéal na taraife lasmuigh den chuóta a shocrú ag dleacht 50 % chun an riosca a bhaineann le sraonadh trádála a íoslaghdú ***agus chun méadú ar acmhainneacht táirgthe a cheadú***. Thiocfadh an dualgas sin sa bhreis ar dhleachtanna eile a bhfuil feidhm acu maidir leis na catagóirí táirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo.

Leasú 20

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 20 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(20a) Chun riar cothrom agus cóir na dtaraif-chuótaí a áirithiú, ba cheart cosc a chur ar chomhchruinniú allmhairí ag roinnt oibreoirí móra agus ar chleachtais stoc-charntha. Mar thoradh ar chleachtais stoc-charntha, ina stóráiltear táirgí cruach i gcalafoirt, i dtrádstórais chustaim nó i saorlimistéir chun moill a chur ar a scaoileadh i saorchúrsaíocht, d'fhéadfaí cuótaí taraife a ídiú go tapa

	faoin gcóras 'tús freastail ar an gceann is túisce'. Tá an baol ann go mbainfidh na cleachtais sin an bonn ó rochtain chothrom ar chuótaí do gach oibreoir eacnamaíoch agus d'éifeachtacht an tsásra coimirce. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar phatrúin allmhairiúcháin agus ar leibhéil stórála agus, i gcás inarb iomchuí, breithniú a dhéanamh ar choigeartuithe ar riar taraif-chuótaí chun rochtain chothrom a áirithiú do na hoibreoirí uile chun freagairt go tapa d'athruithe ar dhálaí an mhargaidh agus tionscal cruach agus tionscail iartheachtacha an Aontais á gcosaint ag an am céanna.

Leasú 21

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 21

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(21) Chun a áirithiú go mbeidh an beart éifeachtach chun dul i ngleic le héifeachtaí na ró-acmhainneachta domhanda, agus i bhfianaise shainiúlachtaí na dtáirgí cruach agus na dteicnící táirgthe agus soláthair nua-aimseartha, tá sé tábhachtach tír 'an leáite agus an doirte' a shainaithint. Tagraíonn tír 'an leáite agus an doirte' don suíomh bunaidh ina dtáirgtear cruach amh agus amhiarann i bhfoirm leachtach ar dtús laistigh d'fhoirnéis déanta cruach nó déanta iarainn agus a theilgtear ina dhiaidh sin ina staid sholadach phríomhúil. Is féidir leis an bpríomhstaid sholadach sin táirge leathchríochnaithe a chuimsiú, lena n-áirítear leaca, billéid, nó tinní, ach gan a bheith teoranta dóibh, nó táirge muilinn cruach críochnaithe. Trí fhianaise a iarraidh ar thír 'an leáite agus an doirte', seachnófar go dtiocfaidh cruach a tháirgtear i dtíortha áirithe a rannchuidíonn le ró-acmhainneacht dhomhanda isteach go	(21) Chun a áirithiú go mbeidh an beart éifeachtach chun dul i ngleic le héifeachtaí na ró-acmhainneachta domhanda, agus i bhfianaise shainiúlachtaí na dtáirgí cruach agus na dteicnící táirgthe agus soláthair nua-aimseartha, tá sé tábhachtach tír 'an leáite agus an doirte' a shainaithint. Tagraíonn tír 'an leáite agus an doirte' don suíomh bunaidh ina dtáirgtear cruach amh agus amhiarann i bhfoirm leachtach ar dtús laistigh d'fhoirnéis déanta cruach nó déanta iarainn agus a theilgtear ina dhiaidh sin ina staid sholadach phríomhúil. Is féidir leis an bpríomhstaid sholadach sin táirge leathchríochnaithe a chuimsiú, lena n-áirítear leaca, billéid, nó tinní, ach gan a bheith teoranta dóibh, nó táirge muilinn cruach críochnaithe. Trí fhianaise a iarraidh ar thír 'an leáite agus an doirte', seachnófar go dtiocfaidh cruach a tháirgtear i dtíortha áirithe a rannchuidíonn le ró-acmhainneacht dhomhanda isteach go

míchuí i margadh an Aontais tar éis tuilleadh claochlaithe i dtíortha eile agus méadófar trédhearcacht sa slabhra soláthair intíre le haghaidh allmhairí cruach.	míchuí i margadh an Aontais tar éis tuilleadh claochlaithe i dtíortha eile agus méadófar trédhearcacht sa slabhra soláthair intíre le haghaidh allmhairí cruach. ***Ba cheart go ndéanfaí an iarraidh sin ar fhianaise ar bhealach a chuireann teorainn leis an ualach riaracháin a mhéid is mó is féidir, agus a éascaíonn comhlíonadh na bhfiontar beag agus meánmhéide (FBManna).***

Leasú 22

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 21 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(21a) Níor cheart rochtain ar mhargadh an Aontais a dheonú d'allmhairí táirgí a ndearnadh an cruach ina leith a leá agus a dhoirteadh i gCónaidhm na Rúise nó sa Bhealarúis agus níor cheart go mbeadh na hallmhairí sin i dteideal tairbhe a bhaint as aon taraifchuóta. Dá réir sin, ba cheart toirmeasc uathoibríoch a chur ar na táirgí sin ag teorainneacha seachtracha an Aontais.

Leasú 23
Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 24

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(24) Chun a áirithiú go ndéanfar leibhéal na gcuótaí arna n-oscailt i ndáil le hallmhairí isteach san Aontas a oiriúnú do dhálaí athraitheacha i margaí na dtáirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo agus chun sonraíochtaí teicniúla a sholáthar maidir le cur chun feidhme cheanglas an leáite agus an doirte, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i	(24) Chun a áirithiú go ndéanfar leibhéal na gcuótaí arna n-oscailt i ndáil le hallmhairí isteach san Aontas a oiriúnú do dhálaí athraitheacha i margaí na dtáirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo agus chun sonraíochtaí teicniúla a sholáthar maidir le cur chun feidhme cheanglas an leáite agus an doirte, ba cheart an chumhacht chun gníomhartha a ghlacadh i

gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na rialacha mionsonraithe a leagan síos chun an tír ina ndéantar an chruach a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge a leá agus a dhoirteadh agus chun Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[8]. Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

[8] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.

gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí na rialacha mionsonraithe a leagan síos chun an tír ina ndéantar an chruach a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge a leá agus a dhoirteadh agus chun Iarscríbhinn II a ghabhann leis an Rialachán seo a leasú. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr[8]. ***Ina theannta sin, tá sé tábhachtach éisteacht na tionscail agus leis na bailte agus na réigiúin thionsclaíocha lena mbaineann agus an obair ullmhúcháin á déanamh.*** Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile an tráth céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe.

[8] IO L 123, 12.5.2016, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_interinstit/2016/512/oj.

Leasú 24

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 25 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(25a) I gcomhréir le Rialachán (AE) 2025/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[1a] agus le gealltanas an

Aontais tacú le geilleagar na hÚcráine le linn chogadh foghach leanúnach na Rúise i gcoinne na hÚcráine, agus i bhfianaise ról straitéiseach na hÚcráine i slabhra soláthair cruach an Aontais, ba cheart don Choimisiún a áirithiú go léireofar go hiomlán le dearadh agus le cur chun feidhme na leithdháiltí cuótaí stádas na hÚcráine mar thír is iarrthóir agus a ríthábhachtaí atá sé do chobhsaíocht mhargadh cruach an Aontais, agus éifeachtacht agus sláine an Rialacháin seo á gcaomhnú ag an am céanna.

_____

*[1a] **Rialachán (AE) 2025/1153 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 5 Meitheamh 2025 lena gcuirtear ar fionraí forálacha áirithe de Rialachán (AE) 2015/478 a mhéid a bhaineann le hallmhairí táirgí ón Úcráin isteach san Aontas, (IO L , 2025/1153, 5.6.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2025/1153/oj).***

Leasú 25

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 25 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(25b) Ós rud é go bhfuil bearta sriantacha trádála glactha ag roinnt tríú tíortha lena ndéantar difear díreach d'onnmhairí táirgí cruach an Aontais, ba cheart don Choimisiún na bearta sriantacha trádála sin a léiriú.

Leasú 26

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 26

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
26. Ba cheart don Choimisiún ***measúnú a dhéanamh, laistigh de 2 bhliain ar a dhéanaí tar éis*** ghlacadh an Rialacháin seo, ar an ngá atá le raon feidhme na dtáirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo a choigeartú agus má mheastar gur gá sin, ba cheart dó breithniú a dhéanamh ar thogra reachtach a dhéanamh chun táirgí cruach breise a chur leis, lena n-áirítear táirgí atá déanta as cruach nó a bhfuil méid suntasach cruach iontu.	26. ***Tá tionscal próiseála cruach an Aontais, ina bhfuil na mílte FBManna a dhéanann earraí speisialaithe ardluacha de chruach, ríthábhachtach d'earnáil cruach iomlán an Aontais. Dála phríomhtháirgeoirí cruach an Aontais, tá tionscal cruach iartheachtach an Aontais neamhchosanta níos mó agus níos mó ar allmhairí saora ó thríú tíortha, i gcás ina mbaineann táirgeoirí onnmhairiúcháin tairbhe as fóirdheontais stáit neamhdhleathacha, caighdeáin chomhshaoil níos ísle agus costais fuinnimh nó ionchuir atá faoi chois go saorga. Ag aithint dó a phráinní atá an staid sin,*** ba cheart don Choimisiún ***a chinneadh,*** laistigh de 6 ***mhí tar éis*** ghlacadh an Rialacháin seo, an gá atá le raon feidhme na dtáirgí a chumhdaítear leis an Rialachán seo a choigeartú agus má mheastar gur gá sin, ba cheart dó togra reachtach ***a chur ar aghaidh bliain amháin ar a dhéanaí tar éis ghlacadh an Rialacháin seo*** chun táirgí cruach a chur leis, lena n-áirítear táirgí atá déanta as cruach nó a bhfuil méid suntasach cruach iontu. ***Chun éifeachtacht an Rialacháin seo a áirithiú, tá sé ríthábhachtach go ndéanfaí meastóireacht chúramach sa mheasúnú i dtaobh an bhfuil na saincheisteanna a bhfuil sé mar aidhm ag an Rialachán seo aghaidh a thabhairt orthu á réiteach agus nach ndéantar iad a dhíbirt de thaisme níos faide feadh an tslabhra luacha. Ba cheart a chur i gcuntas sa mheasúnú sin, inter alia, teilgcheártaí, an tionchar a d'fhéadfadh a bheith ag bearta trádála domhanda atá ag teacht chun cinn a d'fhéadfadh sreafaí trádála a atreorú i dtreo an Aontais, agus staid na n-earnálacha iartheachtacha a bhféadfadh tionchar diúltach a bheith ar a n-iomaíochas, lena n-áirítear iomaíochas FBManna agus teilgcheártaí. Tar éis an mheasúnaithe tosaigh sin, ba cheart don Choimisiún measúnuithe ina***

	dhiaidh sin a dhéanamh ar bhonn débhliantúil, nó níos luaithe, má thugann suaitheadh suntasach sa mhargadh nó athruithe tobanna ar phatrúin trádála dhomhanda údar leis.

Leasú 27

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 26 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(26a) Ba cheart don Choimisiún tuarascáil bhliantúil maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a tharraingt suas agus í a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle. Ba cheart go mbeadh faisnéis sa tuarascáil bhliantúil sin, inter alia, faoi úsáid agus éabhlóid cuótaí agus faoi chatagóir agus mhéid na n-allmhairí a thagann faoin dleacht 50 %. Ba cheart go gcuirfí an tuarascáil bhliantúil ar fáil go poiblí.

Leasú 28

Togra le haghaidh rialacháin
Aithris 27

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(27) Roimh an ***1 Iúil 2031***, agus gach ***5*** bliana ina dhiaidh sin, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar éabhlóid na bpríomhpharaiméadar a thug údar le glacadh an Rialacháin seo, lena n-áirítear éabhlóid agus treochtaí na ró-acmhainneachta domhanda, chomh maith lena éifeachtaí ar an margadh cruach. Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh freisin ar staid na mbeart sriantach trádála maidir le cruach i dtríú tíortha agus ar na himpleachtaí agus ar na	(27) Roimh ***an 31 Nollaig 2028,*** agus gach ***3*** bliana ina dhiaidh sin, ba cheart don Choimisiún meastóireacht a dhéanamh ar éabhlóid na bpríomhpharaiméadar a thug údar le glacadh an Rialacháin seo, lena n-áirítear éabhlóid agus treochtaí na ró-acmhainneachta domhanda, chomh maith lena éifeachtaí ar an margadh cruach ***agus ar na slabhraí luacha iartheachtacha.*** Ba cheart don Choimisiún athbhreithniú a dhéanamh freisin ar staid na mbeart sriantach trádála maidir le cruach i dtríú

héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith acu, nó ar dócha go mbeidh acu, i dtéarmaí riosca sraonadh trádála isteach i margadh an Aontais. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún anailís a dhéanamh freisin ar an staid maidir le beartais agus cleachtais neamh-mhargaidh a bheith ann i dtríú tíortha agus a dtionchar ar mhargadh cruach an Aontais. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh freisin ar éabhlóid fheidhmíocht eacnamaíoch thionscal cruach an Aontais agus ar éabhlóid a ***thionscadail*** dícharbónaithe,	tíortha agus ar na himpleachtaí agus ar na héifeachtaí a d'fhéadfadh a bheith acu, nó ar dócha go mbeidh acu, i dtéarmaí riosca sraonadh trádála isteach i margadh an Aontais. Ina theannta sin, ba cheart don Choimisiún anailís a dhéanamh freisin ar an staid maidir le beartais agus cleachtais neamh-mhargaidh a bheith ann i dtríú tíortha agus a dtionchar ar mhargadh cruach an Aontais. Ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh freisin ar éabhlóid ***iomaíochas foriomlán an Aontais agus*** ar fheidhmíocht eacnamaíoch thionscal cruach an Aontais, ***lena n-áirítear leibhéil praghsanna agus úsáid acmhainneachta,*** chomh maith le ***conair dícharbónaithe na hearnála cruach san Aontas agus*** éabhlóid a ***spriocanna*** dícharbónaithe. ***Chuige sin, ba cheart don Choimisiún measúnú tionchair struchtúrtha a dhéanamh, in idirphlé leis an éiceachóras cruach ina iomláine, lena n-áirítear an deighleog iartheachtach. Ba cheart go n-áireofaí sna meastóireachtaí sin aiseolas ó phléitithe iltaobhacha, inter alia Coiste Cruach ECFE agus an Fóram Domhanda maidir le Ró-Acmhainn sa Chruach,***

Leasú 29

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 2 – mír 4 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	4a. Déanfar bearta faoin Rialachán seo a chur i bhfeidhm ar bhealach atá comhsheasmhach le rialacha EDT agus ní chuirfidh siad srian ar thrádáil thar a bhfuil fíor-riachtanach chun aghaidh a thabhairt ar na héifeachtaí diúltacha a bhaineann le ró-acmhainneacht dhomhanda mar thoradh ar dhálaí éagóracha margaidh.

Leasú 30

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Tráth an allmhairithe, soláthróidh allmhaireoirí fianaise iomchuí, amhail deimhniú muilinn lena gcruthófar tír 'leáite agus doirte' na cruach a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge.	2. Tráth an allmhairithe, soláthróidh allmhaireoirí fianaise ***infhíoraithe lena gcruthófar*** tír 'leáite agus doirte' na cruach a úsáidtear i dtáirgeadh an táirge. ***Áireofar san fhianaise sin deimhniú muilinn arna eisiúint ag an táirgeoir cruach bunaidh, lena sainaithneofar an uimhir teasa chomhfhreagrach agus ina mbeidh na sonraí teicniúla agus táirgthe is gá chun tionscnamh na cruach a rianú.***

Leasú 31

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Allmhairí táirgí a ndearnadh an cruach ina leith a leá agus a dhoirteadh i gCónaidhm na Rúise nó sa Bhealarúis, beidh diantoirmeasc orthu dul isteach i margadh an Aontais agus ní thairbheoidh siad, in imthosca ar bith, d'aon taraif-chuóta. Cuirfear toirmeasc uathoibríoch ar na táirgí uile sin ag teorainneacha seachtracha an Aontais.

Leasú 32

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2b. Beidh feidhm ag tír 'an leáite agus an doirte' maidir le tír leithdháilte na dtaraif-chuótaí a chinneadh de bhun Airteagal 4.

Leasú 33

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 3 – mír 2 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2c. Féadfaidh an Coimisiún treoirlínte a ghlacadh maidir le conas an fhianaise iomchuí a sholáthar agus é mar aidhm aige an t-ualach riaracháin a theorannú agus comhlíonadh FBManna a éascú.

Leasú 34

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 1 – pointe a

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
a) leibhéil taraifchuóta atá ***coibhéiseach*** leis an sciar den mhargadh allmhairiúcháin a bhí i réim i margadh cruach an Aontais in 2013 roimh thionchar na ró-acmhainneachta domhanda ar mhargadh an Aontais;	a) leibhéil taraifchuóta atá ***comhionann*** leis an sciar den mhargadh allmhairiúcháin a bhí i réim i margadh cruach an Aontais in 2013 roimh thionchar na ró-acmhainneachta domhanda ar mhargadh an Aontais;

Leasú 35

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 1 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) leibhéal na dtaraifí a chuireann tríú tír i bhfeidhm ar tháirgí cruach an Aontais;

Leasú 36

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 1 – pointe c b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(cb) cé acu atá nó nach bhfuil tríú tír ag

	comhlíonadh a gealltanas faoi chomhaontuithe saorthrádála arna dtabhairt i gcrích leis an Aontas, i leith Choinbhinsiúin EIS agus Comhaontuithe Iltaobhacha Comhshaoil;

Leasú 37

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 1 – pointe h (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(h) bearta aontaobhacha de chuid an Aontais a bheith ann lena gcuirtear cur i bhfeidhm coimircí ar fionraí ar mhaithe le tríú tír, i ndáil le táirgí a thagann faoi raon feidhme an Rialacháin seo

Leasú 38

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 1 – fomhír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 5(2).	Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta comhairleach dá dtagraítear in Airteagal 5(2). ***Glacfar an chéad cheann de na gníomhartha cur chun feidhme sin agus beidh feidhm acu faoin 30 Meitheamh 2026.***

Leasú 39

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 4 – mír 2a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Cuirfidh an Coimisiún Parlaimint na hEorpa ar an eolas láithreach agus go hiomlán faoin gcaibidlíocht le tríú tíortha faoi Airteagal XXVIII CGTT agus áiritheoidh sé go dtabharfaidh sé rochtain

	do Pharlaimint na hEorpa ar na doiciméid ábhartha. Déanfaidh an Coimisiún faisnéis atá ar fáil go poiblí faoi na caibidlíochtaí sin a eisiúint go rialta.

Leasú 40

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe c a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ca) conair dícharbónaithe na hearnála cruach san Aontas;

Leasú 41

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe e

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
(e) saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le hinfhaighteacht an tsoláthair i gcatagóirí áirithe táirgí;	(e) saincheisteanna a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le hinfhaighteacht an tsoláthair i gcatagóirí táirgí áirithe ***agus a dtionchar ar shlabhraí luacha iartheachtacha***

Leasú 42

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 1 – pointe e a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(ea) leasanna bunúsacha an Aontais, go háirithe comhbheartas slándála agus cosanta an Aontais;

Leasú 43

Togra le haghaidh rialacháin

Airteagal 6 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 7, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí rialacha mionsonraithe maidir le cur chun feidhme Airteagal 3 a leagadh síos.	2. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh, i gcomhréir le hAirteagal 7, chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí ***na*** rialacha mionsonraithe ***agus na módúlachtaí*** maidir le cur i bhfeidhm Airteagal 3 a leagan síos, ***agus go háirithe:***

Leasú 44

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 1 – pointe -a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(a) rialacha agus módúlachtaí mionsonraithe maidir leis an bhfianaise iomchuí dá dtagraítear in Airteagal 3(2) lena gcruthaítear tír ‘leáite agus doirte’ na cruach a úsáidtear chun an táirge a tháirgeadh;

Leasú 45

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 1 – pointe b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	(b) rialacha mionsonraithe chun barántúlacht agus inrianaitheacht deimhnithe muilinn a áirithiú, dá dtagraítear in Airteagal 3(2), lena n-áirítear, i gcás inarb iomchuí, úsáid córas fioraithe dhigitigh, uimhreacha aitheantais uathúla, nó sásraí rialaithe eile chun falsú nó mí-úsáid a chosc, agus cás sonrach na bhfiontar beag agus meánmhéide (FBManna) á chur i gcuntas agus ualaí riaracháin díréireacha á seachaint.

Leasú 46

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 6 – mír 2 – fomhír 1 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Déanfar an chéad cheann de na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír a ghlacadh faoin 1 Deireadh Fómhair 2026.

Leasú 47
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 7 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 6 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse ***neamhchinntithe ama*** amhail ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin].	2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 6 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse cúig bliana ón [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach dáta theacht i bhfeidhm an Rialacháin sin]. ***Déanfar tarmligean na cumhachta a fhadú go hintuigthe go ceann tréimhsí comhfhaid, mura rud é go gcuireann Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle in aghaidh an fhadaithe sin tráth nach déanaí ná 3 mhí roimh dheireadh gach tréimhse.***

Leasú 48
Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Faoin [Oifig na bhFoilseachán: cuir isteach an dáta 2 bhliain tar éis ghlacadh an dréacht-Rialacháin seo] déanfaidh an Coimisiún measúnú ar an ngá atá le raon táirgí an Rialacháin seo a leasú, agus féadfaidh sé togra reachtach a thíolacadh chun an Rialachán seo a leasú. Déanfar an measúnú sin go tréimhsiúil gach 2 bhliain tar éis an chéad athbhreithnithe.	1. Faoin ... ***[sé mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo],*** cinnfidh an Coimisiún an gá le raon feidhme táirge an Rialacháin seo a leasú, ***go háirithe ar cheart go gcuimseofaí ann táirgí breise atá déanta as méid suntasach cruach, nó ina bhfuil méid suntasach cruach, lena n-áirítear táirgí tosaíochta, táirgí iarainn agus cruach iartheachtacha nach***

	gcumhdaítear le hIarscríbhinn I, atá i mbaol sraonadh trádála agus féadfaidh sé togra reachtach a thíolacadh chun an Rialachán seo a leasú. Déanfar an measúnú sin go tréimhsiúil gach 2 bhliain tar éis an chéad athbhreithnithe. ***I gcás ina mbíonn suaitheadh suntasach sa mhargadh nó athruithe tobanna ar phatrúin trádála domhanda, déanfaidh an Coimisiún measúnú níos luaithe fiú.*** Cuirfear ***i gcuntas san athbhreithniú sin staid níos leithne iomaíochas an Aontais agus thionscal cruach an Aontais, gníomhaithe réamhtheachtacha agus iartheachtacha araon, go háirithe an staid do FBManna, chomh maith le comhbheartas slándála agus cosanta an Aontais.***

Leasú 49

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 2

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
2. Roimh an 1 Iúil 2031, agus gach 5 bliana ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar éifeachtacht an Rialacháin seo. Tabharfar aird sa mheastóireacht sin ar mharthanacht na n-imthosca a thug údar le glacadh an Rialacháin seo agus ar staid thionscal déanta cruach an Aontais. Bunaithe ar an meastóireacht sin, féadfaidh an Coimisiún togra reachtach a thíolacadh chun an Rialachán seo a leasú nó a aisghairm.	2. ***Faoin 31 Nollaig 2028*** agus gach ***trí bliana*** ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún meastóireacht ar éifeachtacht ***agus ar thionchar*** an Rialacháin seo***.*** Tabharfar aird sa mheastóireacht sin ar mharthanacht na n-imthosca lenar tugadh údar le glacadh an Rialacháin seo agus ar staid thionscal cruach an Aontais, ***lena n-áirítear leibhéil praghsanna agus úsáid acmhainneachta, chomh maith leis na slabhraí luacha iartheachtacha agus an tionchar ar thionscail an Aontais a úsáideann cruach mar ionchur monaraíochta agus conair dícharbónaithe na hearnála cruach san Aontas. Chun críche na meastóireachta sin, rachaidh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin leathana leis na geallsealbhóirí ábhartha ar fud an tslabhra luacha cruach.*** Bunaithe ar an meastóireacht sin, féadfaidh an Coimisiún togra reachtach a thíolacadh chun an Rialachán seo a leasú.

Leasú 50

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 9 – mír 2 a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	2a. Déanfaidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo a sholáthar go bliantúil do Pharlaimint na hEorpa agus don Chomhairle. Cuirfear an tuarascáil sin ar fáil go poiblí.

Leasú 51

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an ***fichiú*** lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.	1. Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Leasú 52

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Beidh feidhm aige ón 1 Iúil 2026.

Leasú 53

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1 b (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Beidh feidhm ag Airteagal 3(2) amhail ón 1 Deireadh Fómhair 2026.

Leasú 54

Togra le haghaidh rialacháin
Airteagal 10 – mír 1 c (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*
	Beidh feidhm ag Airteagal 3(2b) amhail ón ... [24 mhí ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo];

Leasú 55

Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn 1 – ró 21a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*		
	21a	***Feadáin, píobáin agus próifílí tolla déanta as iarann teilgthe***	***CN 7303001 0, 7303009 0***

Leasú 56
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn 1 – ró 28

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún			*Leasú*		
28	Sreang Neamh-Chóimhiotail	7217 10 10, 7217 10 31, 7217 10 39, 7217 10 50, 7217 10 90, 7217 20 10, 7217 20 30, 7217 20 50, 7217 20 90, 7217 30 41, 7217 30 49, 7217	28	Sreang neamh-chóimhiotail ***agus sreang chóimhiotail eile***	7217 10 10, 7217 10 31, 7217 10 39, 7217 10 50, 7217 10 90, 7217 20 10, 7217 20 30, 7217 20 50, 7217 20 90, 7217 30

		30 50, 7217 30 90, 7217 90 20, 7217 90 50, 7217 90 90			41, 7217 30 49, 7217 30 50, 7217 30 90, 7217 90 20, 7217 90 50, 7217 90 90, ***72 29 2000, 72 29 9020, 72 29 9050, 72 29 9090***

Leasú 57
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn 1 – ró 29a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*		
	29a	***Sreang Dhosmálta***	***72 23 0011, 72 23 0019, 72 23 0091, 72 23 0099***

Leasú 58
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn 1 – ró 30a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*		
	30a	***Barraí Brionnaithe Neamh-Chóimhiotail agus Cóimhiot***	***7214 1000, 7228 1050, 7228 4010, 7228***

		ail Eile	***4090***

Leasú 59
Togra le haghaidh rialacháin
Iarscríbhinn 2 – ró 21a (nua)

Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún	*Leasú*				
	21a	***Feadáin, píobáin agus profílí cuasacha, iadd éantais iarannteilgthe***	***CN 7303 0010, 7303 0090***	***4700***	***50%***